CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/735 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Bealtaine 2021

maidir le síneadh a chur leis an ngníomhaíocht a rinne Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na hÉireann lena gceadaítear an táirge bithicídeach Biobor JF a chur ar fáil ar an margadh agus lena gceadaítear a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 55(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2021) 3026)

(Is ag an téacs sa Bhéarla a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid [1], agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 55(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Deireadh Fómhair 2020 ghlac Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na hÉireann ("an t-údarás inniúil") cinneadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 55(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ionas go gceadófar an táirge bithicídeach Biobor JF a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ag úsáideoirí gairmiúla chun cóireáil fhrithmhiocróbach atá coisctheach agus leigheasach a chur ar umair bhreosla agus ar chórais bhreosla aerárthaí go dtí an 19 Aibreán 2021 ("an ghníomhaíocht"). Chuir an t-údarás inniúil an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát eile ar an eolas faoin ngníomhaíocht agus faoin údar a bhí léi, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 55(1) den Rialachán sin.

(2) De réir na faisnéise a chuir an t-údarás inniúil ar fáil, bhí gá leis an ngníomhaíocht chun an tsláinte phoiblí a chosaint. Éilliú miocróbach umar breosla agus córas breosla aerárthaí, féadfaidh mífheidhmeanna ó thaobh inneall an aerárthaigh de aeracmhainneacht an aerárthaigh a chur i mbaol, rud a chuirfidh sábháilteacht paisinéirí agus criúnna i mbaol. De bharr phaindéim COVID-19 agus na srianta ar eitiltí a d'eascair aisti, coimeádadh go leor aerárthaí ar talamh go sealadach. Is imthoisc ghéaraitheach maidir le héilliú miocróbach gan aerárthaí a bheith ag gluaiseacht.

(3) Is éard atá i mBiobor JF 2,2'-(1-meitiltrímheitiléindé-ocsa)bis-(4-meitil-1,3,2-dé-ocsaboranáin) (uimhir CAS 2665-13-6) agus 2,2'-ocsaibis (4,4,6-trímheitil-1,3,2-dé-ocsaboranáin) (uimhir CAS 14697-50-8), nithe is substaintí gníomhacha atá le húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 6 mar leasaithigh le haghaidh táirgí le linn dóibh a bheith á stóráil mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Ós rud é nach liostaítear na substaintí gníomhacha sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún [2], ní luaitear iad sa chlár oibre gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá i dtáirgí bithicídeacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Dá bhrí sin, níl feidhm ag Airteagal 89 den Rialachán sin maidir leo agus ní mór iad a mheasúnú agus a fhormheas sular féidir táirgí bithicídeacha ina bhfuil na táirgí sin a údarú ar an leibhéal náisiúnta.

[1] IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana i dtáirgí bithicídeacha, clár oibre dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1).

(4) An 5 Feabhra 2021, fuair an Coimisiún iarraidh réasúnaithe ón údarás inniúil chun síneadh ama a chur leis an ngníomhaíocht i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 55(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh an iarraidh réasúnaithe ar bhonn na himní atá ann go bhféadfadh sé go mbeadh sábháilteacht aeriompair fós i mbaol de bharr éilliú miocróbach umar breosla agus córas breosla aerárthaí tar éis an 19 Aibreán 2021, agus ar bhonn an mhaímh go bhfuil Biodor JF riachtanach chun an t-éilliú miocróbach sin a rialú.

(5) De réir na faisnéise a chuir an t-údarás inniúil ar fáil, an t-aon táirge bithicídeach malartach amháin a mhol monaróirí aerárthaí agus monaróirí inneall maidir le héilliú miocróbach a chóireáil (Kathon™ FP 1.5),tarraingíodh siar ón margadh é i mí an Mhárta 2020 de bharr aimhrialtachtaí i bhfeidhmiú na n-inneall a tugadh faoi deara tar éis a gcóireála leis.

(6) Maidir le cóireáil mheicniúil a chur ar éilliú miocróbach umar breosla agus córas breosla aerárthaí, is rud é nach féidir a dhéanamh i gcónaí. Thairis sin, dhéanfadh cóireáil mheicniúil na hoibrithe a nochtadh do gháis thocsaineacha agus dá bhrí sin ba cheart í a sheachaint.

(7) De réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, tá bearta déanta ag monaróir Biobor JF ionas go mbeidh gnáthúdarú ann le haghaidh an táirge agus táthar ag súil go gcuirfear iarratas isteach go luath amach anseo le haghaidh fhormheas na substaintí gníomhacha atá ann. Formheas na substaintí gníomhacha agus údarú an táirge bithicídigh ina dhiaidh sin, is réiteach buan a bheadh ansin le haghaidh na todhchaí, ach theastódh tréimhse ama shuntasach chun na nósanna imeachta sin a chur i gcrích.

(8) Easpa rialaithe ar éilliú miocróbach umar breosla agus córas bhreosla aerárthaí, d'fhéadfadh sin sábháilteacht aeriompair a chur i mbaol, agus ní féidir an baol sin a shrianadh go leordhóthanach trí tháirge bithicídeach eile a úsáid nó trí mhodh eile. Dá bhrí sin, is iomchuí cead a thabhairt don údarás inniúil síneadh ama a chur leis an ngníomhaíocht.

(9) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir le tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an ngníomhaíocht lena gceadófar an táirge bithicídeach Biobor JF a chur ar fáil ar an margadh agus lena gceadófar a úsáid ag úsáideoirí gairmiúla chun cóireáil fhrithmhiocróbach atá coisctheach agus leigheasach a chur ar umair bhreosla agus ar chórais bhreosla aerárthaí, féadfaidh Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na hÉireann síneadh ama a chur léi go dtí an 22 Deireadh Fómhair 2022.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na hÉireann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún